An Plean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014

Céard a dhéanann an Plean Téarnaimh Náisiúnta?

Soláthraíonn an Plean gormchló chun iompú ar ais ar fhás inbhuanaithe inár ngeilleagar, go háirithe:

- Cuimsíonn sé na bearta a thógfar chun athshlánú a dhéanamh ar ár n-airgeadas poiblí.
- Sainaithníonn sé na réimsí de ghníomhaíocht gheilleagrach a sholáthróidh fás agus fostaíocht sa téarnamh.
- Sonraíonn sé leasaithe a chuirfidh an Rialtas i bhfeidhm d'fhonn fás a luathú sna príomhréimsí sin.

Cén fáth an bhfuil an Plean seo ag teastáil?

Beidh an bhearna idir theacht isteach an Rialtais agus caiteachas ag €18.5 billiún in 2010.

- Is trí iasachtaí a chaithfear an bhearna seo a laghdú. Muna ndéantar an ráta iasachta a laghdú, éileoidh an fónamh ar fhiachais codán níos mó (a bheidh ag méadú go tréan) den ioncaim cánach lena shásamh.
- Is den réamhriachtanas é do fhás geilleagrach sa todhchaí druidim i dtreo buiséad cothramaithe.

Is gá an t-easnamh buiséadach a laghdú. Ní réiteoidh sin ann féin ár bhfadhbanna eacnamaíochta. Caithfear ár ngeilleagar a fhás trínár n-acmhainn iomaíochta a fheabhsú agus tógáil ar ár bhfeidhmíocht láidir easpórtála.

An féidir linn a bheith dóchasach faoinár n-ionchais don gheilleagar?

Cinnte, is féidir. Tá ár ngeilleagar ag teacht chuige féin ón meathlú.

- Beidh méadú measartha san OTI i mbliana ar bhonn fás láidir eacnamaíochta.
- Measfar go dtiocfaidh fás de 6% beagnach, i dtéarmaí réadacha, i mbliana, de bharr feabhais san acmhainn iomaíochta agus treisiú sna margaí idirnáisiúnta.
- Tá cúinsí sa mhargadh fostaíochta ag cobhsú.
- Toisc go bhfuil teaghlaigh agus lucht gnó ag coigilt agus ag íoc fiacha ag rátaí ardaithe ar mhaithe lena laghdú, fanann an t-éileamh baile lag, áfach.
- Beidh barrachas beag in 2011 sa chuntas reatha de chomhardú na n-íocaíochtaí, rud a chiallaíonn go bhfuil an geilleagar trí chéile ag íoc as fiachas eachtrach a laghdú.

Tá na cúinsí do fhás easpórtála inbhuanaithe ar fáil:

- Bonneagar láidir
- Caipiteal daonna den scoth
- Beartais Chánach atá fabhrach do fhiontraíocht, infheistíocht agus obair.
- Leorchreidmheas a bheith ar fáil do ghnólachtaí inmharthana

Tiocfaidh fás de 2.75%, ar an meán, ar an bhfíor - OTI thar an tréimhse 2011-2014 i ndáil leis an bPlean fortheilgthe.

- Cruthófar 90,000 (glanuimhir) jabanna nua i rith na tréimhse 2012-2014.
- Laghdófar faoi bhun 10% an ráta dífhostaíochta faoin mbliain 2014.

Cé mhéad de choigeartú breise buiséid atá ag teastáil?

- Cuireadh coigeartuithe de €15 billiún beagnach i bhfeidhm le linn an dá bhliain seo caite. D'éirigh leis na bearta seo an t-easnamh buiséadach a chobhsú.
- Tá pacáiste de €15 billiún breise de bhearta ag teastáil chun an t-easnamh a thabhairt ar ais faoi bhun 3% de OTI faoi 2014.
- Sa phacáiste seo cuimseofar dhá thrian ar chaiteachas agus aon trian ar bhearta ioncaim.
- Déanfar €6 billiún a thús-ualú in 2011.
- Laghdófar an t-easnamh go 9.1% de OTI in 2011. Beidh buaic de 102% sa choibhneas idir fiachas agus OTI in 2013 agus titfidh sé go dtí 100% faoi 2014.

Nach múchfaidh coigeartuithe buiséadacha ar an scála seo aon téarnamh féideartha?

Ní mhúchfaidh, táthar ag tuar go bhfásfaidh an geilleagar de 2.75% ar an meán thar an tréimhse 2011-2014. Luífidh an coigeartú ar an éileamh intíre, ach go foriomlán maolófar ar a thionchar:

- trí ardchlaonadh an gheilleagair chun iompórtála;
- tionchar dearfach na gcoigeartuithe buiséadacha ar chumas iomaíochta agus ar mhuinín

Cad is féidir leis an Rialtas a dhéanamh chun fás a threisiú?

Tá dhá bhonn ag an straitéis le haghaidh cumas iomaíochta - fás agus fostaíocht:

- Bacainní féideartha struchtúrtha in aghaidh cumas iomaíochta agus cruthú fostaíochta a chur as an mbealach.
- Leanúint le beartais earnála chuí chun fás in easpórtálacha a spreagadh agus chun téarnamh san éileamh intíre a ghríosú.

Go baileach, déanfaidh an Rialtas:

- An t-íosphá a laghdú de €1 go dtí €7.65.
    - Ta íosphá ard ina bhac ar jabanna a chruthú do oibrithe óga tearcoilte atá in áiteanna mar ar airde na rátaí dífhostaíochta.
    - Beidh an t-íosphá fós ar na rátaí is airde san AE.
- An córas leasa shóisialaigh a leasú d'fhonn obair a spreagadh agus gaistí dífhostaíochta a chealú.
- Beartais ghníomhachtaithe a athspreagadh lena chinntiú gur féidir le daoine dífhostaithe filleadh ar obair go tapa.
- Iomaíocht ghéar a chur chun cinn sna gairmeacha mar aon le bearta chun costais dlíthiúla a laghdú.
- Gníomh dearfa a thógáil chun na costais dramhaíola agus fuinnimh a bhíonn ar ghnólachtaí a laghdú.
- É a dhéamamh níos fusa teacht ar bhonneagar teicneolaíochta, go háirthe maidir leis an chéad ghlúin eile de líonraí leathanbhanda.
- Ceannasaíocht a léiriú chun cíosanna oifige a laghdú san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon.
- Éifeachtúlacht a mhéadú sa riarachán poiblí d'fhonn na costais ar an earnáil phríobháideach a laghdú.
- Bearta a bhaineann go sainiúil le hearnálacha ar leith a fheidhmiú d'fhonn cuidiú le méadú in easpórtálacha maraon le méadú san éileamh intíre.
- Tacú a thabhairt don nuálaíocht tríd an gciste nuálaíochta agus trí thacaí fiontraíochta eile, agus trínár gcóras cánach.

Cén fáth gur gá dúinn Caiteachas a laghdú?

- Méaduithe suntasacha sa chaiteachas poiblí le linn an bhorrtha.
- Phreab an coibhneas idir an caiteachas ó lá go lá agus OTN ó 28% le linn blianta an bhorrtha go dtí 44% in 2010 – níl sin inbhuanaithe.

Coigeartófar an caiteachas reatha de €7 billiún agus an caiteachas caipitil de €3 billiún.

Caitear timpeall trian den chaiteachas iomlán ar leas sóisialach, ar phá agus ar chaiteachas cláir faoi seach – ní féidir laghduithe in aon cheann de na réimsí seo a sheachaint.

Déanfaidh an Rialtas:

- Costas phá na hearnála poiblí agus an bhille pinsean a laghdú, mar aon le costas leasa shóisialaigh a laghdú, agus costas chláir na seirbhíse poiblí a laghdú chomh maith.
- Coigiltis de €2.8 billiún a bhaint amach sa chaiteachas ar leas sóisialach trí chumasc de bhearta smachta, de bhearta gníomhachtaithe saothair, de leasaithe struchtúrtha, agus trí laghduithe breise ar rátaí, de réir mar is gá, agus titim sa Bheo-Chlár.
- Líon foirne sa tSeirbhís Phoiblí a laghdú de 24,750 ó na leibhéil a bhí ann ag deireadh 2008, siar go dtí na leibhéil a bhí ann in 2005.
- Coigeartuithe foriomlána de €1.2 billiún sa phárolla le cur i bhfeidhm faoi 2014.
- Scéim leasaithe pinsin a thionscnamh do iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí, agus a bpá a laghdú de 10%.
- Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní foirne le hathimscaradh foirne a dhéanamh i réimsí den tseirbhís phoiblí trí chéile, chun riachtanais tosaíochta a shásamh.
- Cleachtais oibre a leasú d'fhonn seirbhísí poiblí níos éifeachtúla a sholáthar le hacmhainní níos gainne.
- An cion a íocann mic léinn le haghaidh costais oideachais tríú leibhéal, a mhéadú
- Táille ar sholáthar uisce tí a thabhairt isteach faoi 2014.
- An córas reatha ailtireachta buiséadach a leasú agus a nuachóiriú.

Leis na laghduithe seo beidh caiteachas ar ais ag leibhéal 2007/2008. Laghdófar rátaí leasa do dhaoine atá in aois fostaíochta chuig leibhéil a bheidh beagáinín os cionn leibhéil 2007.

Cén fáth gur gá cánacha a ardú?

Beidh fáltais cánach in 2010 35% níos lú ná in 2007, agus léiríonn géire na titime go rabhthas ag brath go rómhór le linn bhlianta an bhorrtha ar fhoinsí ioncaim a bhain le maoin agus le cúrsaí tógála.

In 2010 ní íocfaidh a leath de na saothróirí ioncaim cáin ioncaim ar bith beagnach. Níl seo inbhuanaithe.

Is prionsabal bunúsach é den athchóiriú atá imlínithe sa Phlean seo ná go gcaithfidh na híocóirí cánach uilig íoc de réir a n-acmhainne.

Is iad na daoine is mó cumais íoctha, is mó a iocfaidh a gcion, ach ní féidir aon ghrúpa a chosaint.

An bhfuil Éire ar tí a bheith ina geilleagar ardchánach?

Níl, níl na hualaí cánach ag filleadh chuig na rátaí a bhí i bhfeidhm sna 1980-í. De bharr na leasaithe atá léirithe sa Phlean, tabharfar an struchtúr cáin ioncaim ar ais chuig an struchtúr mar a bhí in 2006.

Céard iad na bearta cánach a thabharfaidh an Rialtas isteach?

Déanfaidh an Rialtas:

- An ráta cánach corporáide de 12.5% a choimeád. Ní bheidh aon athrú air seo.
- €1.9 billiún breise a bhailiú de bharr na n-athruithe sa cháin ioncaim.
- Athruithe cánach a bhaineann le pinsean a chur i bhfeidhm, d'fhonn teacht isteach de €700 milliún a ghnóthú. Sábhálfar €240 milliún i gcoigiltis cánach san earnáil phoiblí i leith asbhaint a bhaineann le pinsean.
- Raon de chaiteachais cánach, le táirgeacht de €755 milliún, a dhíothú/a chiorrú.
- An ráta caighdeánach CBL a ardú ó 21% go 22% in 2013, le hardú breise go 23% in 2014. De bharr na n-athruithe seo tabharfar €620 milliún isteach.
- Ranníocaíocht do sheirbhísí áitiúla a thabhairt isteach d'fhonn seirbhísí riachtanacha a dhéantar a sheachadadh go háitiúil, a airgeadú. Tabharfaidh seo €530 milliún isteach.
- Costas ar charbón a ardú de réir a chéile ó €15 milliún go €30 milliún, le teacht isteach de €330 milliún dá bharr.
- Fáltais chaipitiúla agus cáin ar ghnóthachain chaipitiúla a leasú, d'fhonn €145 milliún breise a thabhairt isteach.
- Scéim Méadaithe Gnó a athrú ó bhun, chuig Scéim nua Infheistíochta Gnó i leith Fostaíochta.

Cén fáth ar cheart dúinn tacú leis an bPlean seo?

Tiocfaidh ár ngeilleagar chuige féin. Dé bharr mionbheartais polasaí sainaithnithe sa Phlean, tógfar ar ár láidreachtaí agus déanfar forbairt ar earnálacha eile, d'fhonn geilleagar atá cothrom a sholáthar dár saoránaigh mar aon le fostaíocht. Braitheann ár rachmas sa todhchaí ar chur i bhfeidhm an Phlean seo thar an tréimhse ceithre bliana atá romhainn.